Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

12062/23

LIMITE

CORLX 774
CFSP/PESC 1112
MAMA 122
COARM 201
CONUN 204
FIN 826

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES[1], agus go háirithe Airteagal 13 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

---

1 IO L 206, 1.8.2015, lch. 34.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333.

(2) Ag eascairt as an mbreithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-413/21 P[1], ba cheart iontráil a bhaineann le duine amháin atá liostaithe a scriosadh.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

1 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 20 Aibreán 2023, *Comhairle an Aontais Eorpaigh v. Aisha Muammer Mohamed El-Qaddafi,* Cás C-413/21 P, ECLI:AE:C:2023:306.

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinní I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 (Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 8(1)) agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh sin (Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 9(1)), Cuid A (Daoine aonair), scriostar an iontráil seo a leanas:

'9. Ainm: 1: AISHA 2: MUAMMAR MUHAMMED 3: ABU MINYAR 4: QADHAFI

Teideal: n/b Ainmniú: n/b Dáta breithe: 1 Eanáir 1978 Áit bhreithe: Tripilí, an Libia Comhainm ar ardcháilíocht: Aisha Muhammed Abdul Salam (Uimhir phas na Libia: 215215) Comhainm ar cháilíocht íseal: n/b Náisiúntacht: n/b Uimhir phas: a) Uimhir Oman 03824970; a eisíodh an 4 Bealtaine 2014, a eisíodh in Muscat, Oman (Dáta éaga: an 3 Bealtaine 2024) b) An Libia 428720 c) B/011641 Uimhir aitheantais náisiúnta: 98606612 Seoladh: Sultanate of Oman (Stádas/suíomh measta: Sultanate of Oman) Liostaithe: an 26 Feabhra 2011 (arna leasú an 11 Samhain 2016, an 26 Meán Fómhair 2014, an 21 Márta 2013, an 2 Aibreán 2012, an 25 Feabhra 2020) Faisnéis eile: Liostaithe de bhun mhíreanna 15 agus 17 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil, Reo Sócmhainní). Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/ga/notice/search/un/5525815'.

PUBLIC